

Bileog Chabhrach don Fhoirm CG1 2021

Cé a chaithfidh Foirm CG1 2021 a chomhlánú?

Iad siúd a dhiúscair sócmhainn nó sócmhainní le linn 2021, agus nach bhfuil ceangal orthu tuairisceán cánach ioncaim a chur isteach, nó a dhéanann a dtuairisceán cánach ioncaim go leictreonach ar Fhoirm 12, is gá dóibh tuairisceán Cánach Gnóthachan Caipitiúla (CGC) a chomhlánú

Níl cónaí orm in Éirinn. An gcaithfidh mé CG1 a chomhlánú?

Tá ceangal ort CGC a íoc agus ba chóir duit an CG1 a chomhlánú mura ndéanann tú tuairisceán Cánach Ioncaim de ghnáth agus má tá gnóthachain agat mar thoradh ar dhiúscairt na sócmhainní seo a leanas

- Talamh, foirgnimh agus mianraí sa Stát
- Cearta taiscéalaíochta nó saothraithe sa Scairbh Ilchríochach
- Scaireanna neamhluaithe a mbaineann mórchuid dá luach le talamh, foirgnimh nó mianraí sa Stát, nó le cearta taiscéalaíochta agus saothraithe sa Scairbh Ilchríochach
- Sócmhainní a n-úsáidtear iad chun críche trádála a dhéantar sa Stát

Cathain ba cheart dom mo dhliteanas CGC a íoc don bhliain 2021?

Tá dáta dlite an CGC bunaithe ar an dáta ar dhiúscair tú an tsócmhainn. Roinntear bliain cánach an CGC ina dá thréimhse

Seo a leanas na dátaí dlite don bhliain 2021

- Diúscairtí a rinneadh sa thréimhse 1 Eanáir 2021 go 30 Samhain 2021, an dá dháta sin san áireamh - 'tréimhse thosaigh' - CGC le híoc faoin **15 Nollaig 2021**
- Diúscairtí a rinneadh sa thréimhse 1 Nollaig 2021 go 31 Nollaig 2021, an dá dháta sin san áireamh - 'an tréimhse níos déanaí' - CGC le híoc faoin **31 Eanáir 2022**

D'fhéadfadh muirear úis a bheith i gceist i gcás nach bhfuil an cháin iomlán atá dlite íoctha faoin dáta dlite a luaitear thuas

Ba chóir go soláthrófá duillín pá don thréimhse in éineacht leis an íocaíocht. Tá duillíní pá le fáil ar shuíomh gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim www.revenue.ie nó ó Rannán an Ard-Bhailitheora. D'fhéadfadh go mbeadh aisíocaíocht ann laistigh den bhliain, mar shampla, i gcás íocaíochta a rinneadh ar ghnóthachan a fuarthas sa 'tréimhse thosaigh' agus cailteanais a tharla sa 'tréimhse níos déanaí'

Cathain ba chóir dom mo CG1 a chur isteach?

Ar nó roimh an **31 Deireadh Fómhair 2022**. Tá formhuirear i gceist má sheoltar an tuairisceán isteach i ndiaidh an dáta thuas

Cén formhuirir is cóir dom a bheith ar an eolas fúthu?

D'fhéadfadh formhuirear a bheith i gceist ag brath ar stádas do thuairisceáin Cánach Maoine Áitiúla (CMÁ)

Ba chóir go gcuirfí formhuirear leis an dliteanas deiridh má sheolann tú an CG1 isteach in am, ach ag am a sheolta

- Mura bhfuil an CMÁ curtha isteach agat, nó
- Mura d'íoc tú an CMÁ agus má theip ort socrú íocaíochta a chomhaontú

Ba chóir go mbeadh ardú 10% i gceist ar an méid atá le híoc agat san Fhéinmheasúnú

Áit a dtugtar an CMÁ suas chun dáta ina dhiaidh sin, beidh uasteorainn an fhormhuirir cothrom le méid an dhliteanais CMÁ ábhartha. Is féidir cabhair a fháil ón mBrainse CMÁ maidir leis seo

D'fhéadfadh go mbeidh formhuirear i gceist má sheolann tú do CG1 isteach déanach

Ba cheart formhuirear a chur leis an dliteanas deiridh má sheolann tú an tuairisceán isteach i ndiaidh an 31 Deireadh Fómhair 2022. Is é a bheidh san fhorhuirear sin ná

- 5% den tsuim iomlán cánach atá dlite faoi réir uasmhéid €12,695 má sheoltar isteach an tuairisceán ón 1 Samhain 2022 go dtí an 31 Nollaig 2022, an dá dháta san áireamh
- 10% den tsuim iomlán cánach atá dlite faoi réir uasmhéid €63,485 má sheoltar an tuairisceán isteach i ndiaidh 31 Nollaig 2022

Céard a tharlóidh mura gcuirfidh mé CG1 isteach, nó má dhéanaim tuairisceán nó éileamh atá bréagach?

D'fhéadfadh go ngearrfaí pionóis shibhialta agus smachtbhannaí coiriúla as

- Gan tuairisceán a dhéanamh
- Tuairisceán bréagach a dhéanamh
- Tuairisceán bréagach a éascú
- Liúntais nó faoisimh a éileamh nach bhfuil dlite

I gcás ionchúisimh choiriúil, duine ar bith a dhótar as cion, d'fhéadfadh sé nó sí a bheith faoi dhliteanas maidir le ceann amháin nó gach ceann de na smachtbhannaí seo a leanas

- Fíneáil d'uasmhéid €126,970 agus / nó fíneáil suas le dhá oiread an difríocht idir an cháin fhógartha atá dlite agus an cháin a aimsíodh sa deireadh
- Tréimhse Phríosúnachta

Uimhreacha Teagmhála

Brainse CMÁ +353 1 738 3626

Rannán an Ard-Bhailitheora, +353 1 738 3663

Is mar threoir amháin a thugtar an t-eolas sa doiciméad seo agus ní comhairle ghairmiúil í, ná comhairle dlí. Níor chóir glacadh leis go bhfuil an treoir cuimsitheach ná go dtugtar freagra críochnaitheach ann ar gach cás.